Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13320/22**

**FIN 1045**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Johannes HAHN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 7 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Jiří GEORGIEV, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 21/2022 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad DEC 21/2022.

---

Faoi iamh: DEC 21/2022

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL,

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2022
ROINN III - TEIDEAL AN CHOIMISIÚIN: 20

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 21/2022**

---

## Ó

**CHAIBIDIL -** 2002 Foireann eile agus caiteachas a bhaineann le daoine

| | | |
|---|---|---|
| ÍTIM - 20 02 06 01 Speansais mhisin agus ionadaíochta | Neamhdhifreáilte | -4 383 089,00 |
| ÍTIM - 20 02 06 02 Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha | Neamhdhifreáilte | -4 571 492,00 |
| ÍTIM 20 02 06 03 - Cruinnithe na gcoistí | Neamhdhifreáilte | -1 745 419,00 |

## GO

**CAIBIDIL -** 2001 Comhaltaí, oifigigh agus baill foirne shealadacha

| | | |
|---|---|---|
| ÍTIM - 20 01 02 01 Luach saothair agus liúntais -- Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta | Neamhdhifreáilte | 4 300 000,00 |

**CAIBIDIL -** 2003 Caiteachas oibriúcháin riaracháin

| | | |
|---|---|---|
| ÍTIM- 20 03 12 01 Trealamh teicniúil agus seirbhísí le haghaidh seomraí comhdhála an Choimisiúin | Neamhdhifreáilte | 4 400 000,00 |
| ÍTIM - 20 03 13 01 Caiteachas aistriúcháin | Neamhdhifreáilte | 2 000 000,00 |

## I. LAGHDÚ

### I.1

### a) Ceannteideal

**20 02 06 01 - Speansais mhisin agus ionadaíochta**

### b) Figiúirí an 03/10/2022

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 44 731 640,00 |
| 2 Aistrithe | 1 612 229,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 46 343 869,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 39 478 293,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **6 865 576,00** |
| **6 An laghdú atá molta** | **4 383 089,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **2 482 487,00** |
| 8 An laghdú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 9,80 % |
| 9 An laghdú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 1 134 913,60 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 03/10/2022 | 18 836,12 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 98,34 % |

### d) Foras mionsonraithe leis an laghdú

An tráth a rinneadh buiséad 2022 a ullmhú agus a ghlacadh, is beag cinnteacht a bhí ann maidir leis an rithim lena gcuirfí tús athuair le gnáthphatrúin na misean agus na hionadaíochta tar éis ráig COVID-19 agus na srianta gaolmhara. Tá comharthaí soiléire ann maidir le gníomhaíocht ghinearálta a bheith ag tosú athuair faoi dheireadh na bliana, agus tá misin riachtanacha a bhaineann le beartais áirithe atosaithe nó méadaithe fiú i gcásanna áirithe.

Leis an gcur chun feidhme reatha agus leis na hionchais go dtí deireadh na bliana ar na línte buiséid sin, áfach, tá an deis ann anois chun aistriú a dhéanamh ó speansais mhisin agus ionadaíochta chuig réimsí ina bhfuil gá le treisiú.

**I.2**

## a) Ceannteideal

**20 02 06 02 - Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha**

## b) Figiúirí an 03/10/2022

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 17 638 320,00 |
| 2 Aistrithe | -3 838 685,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 13 799 635,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 7 078 259,43 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **6 721 375,57** |
| **6 An laghdú atá molta** | **4 571 492,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **2 149 883,57** |
| 8 An laghdú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 25,92 % |
| 9 An laghdú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 223 745,32 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 03/10/2022 | 56 261,20 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 74,85 % |

## d) Foras mionsonraithe leis an laghdú

An tráth a rinneadh buiséad 2022 a ullmhú agus a ghlacadh, is beag cinnteacht a bhí ann maidir leis an rithim lena gcuirfí tús athuair le gnáthphatrúin cruinnithe agus comhdhálacha fisiciúla agus/nó hibrideacha tar éis ráig COVID-19 agus na srianta gaolmhara. Tá comharthaí soiléire ann gur atosaíodh an ghníomhaíocht ghinearálta i mbliana, agus i gcomparáid le 2021, eagraíodh líon níos airde cruinnithe agus comhdhálacha hibrideacha, rud a d’fhág gur cuireadh na cruinnithe i ngníomh ar bhealach níos glaise agus níos saoire.

Leis an gcur chun feidhme reatha agus leis na hionchais go dtí deireadh na bliana ar na línte buiséid sin, áfach, tá an deis ann anois chun aistriú a dhéanamh ó speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha chuig réimsí ina bhfuil gá le treisiú.

**I.3**

## a) Ceannteideal

**20 02 06 03 - Cruinnithe na gcoistí**

## b) Figiúirí an 03/10/2022

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 7 980 000,00 |
| 2 Aistrithe | -2 672 556,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 5 307 444,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 3 048 678,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **2 258 766,00** |
| **6 An laghdú atá molta** | **1 745 419,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **513 347,00** |
| 8 An laghdú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 21,87 % |
| 9 An laghdú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 1 405,44 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 03/10/2022 | 904,23 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 35,66 % |

## d) Foras mionsonraithe leis an laghdú

An tráth a rinneadh buiséad 2022 a ullmhú agus a ghlacadh, is beag cinnteacht a bhí ann maidir leis an rithim lena gcuirfí tús athuair le gnáthphatrúin cruinnithe fisiciúla agus/nó hibrideacha coistí tar éis ráig COVID-19 agus na srianta gaolmhara. Tá comharthaí soiléire ann gur atosaíodh an ghníomhaíocht ghinearálta i mbliana, agus i gcomparáid le 2021, eagraíodh líon níos airde cruinnithe hibrideacha coistí, rud a d'fhág gur cuireadh na cruinnithe i ngníomh ar bhealach níos glaise agus níos saoire.

Leis an gcur chun feidhme reatha agus leis na hionchais go dtí deireadh na bliana ar na línte buiséid sin, áfach, tá an deis ann anois chun aistriú a dhéanamh ó speansais chruinnithe na gcoistí chuig réimsí ina bhfuil gá le treisiú.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**20 01 02 01 - Luach saothair agus liúntais -- Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta**

### b) Figiúirí an 03/10/2022

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 2 304 857 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 2 304 857 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 2 017 329 000,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **287 528 000,00** |
| **6 An méadú a iarradh** | **4 300 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **291 828 000,00** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 0,19 % |
| 9 An méadú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 31 674 667,86 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 03/10/2022 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 100,00 % |

### d) Foras mionsonraithe leis an méadú

Is é is aidhm do na leithreasuithe breise cuid den nuashonrú ar thuarastail a bhfuiltear ag súil leis le haghaidh 2022 a chumhdach, sa bhreis ar an méid a iarradh in DBL 5/2022 (EUR 11,7 milliún).

I gcomhréir le hAirteagail 64 agus le 65 de na Rialacháin, déantar luach saothair oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh a thabhairt cothrom le dáta gach bliain, i bhfianaise tuarascáil arna tíolacadh ag an gCoimisiún, bunaithe ar shonraí staidrimh arna n-ullmhú ag Eurostat i gcomhaontú le hoifigí staidrimh náisiúnta na mBallstát, a léiríonn an cás sna Ballstáit an 1 Iúil.

An ríomh ar an nuashonrú, déantar é bunaithe ar phrionsabal na comhthreomhaireachta idir an fhorbairt de réir a chéile ar fhíor-luach saothair (glan ar bhoilsciú) oifigigh de chuid an Aontais agus státseirbhísigh náisiúnta na mBallstát. Léirítear leis an tionchar atá ag dhá phríomhathróg in éineacht lena chéile:

1) An éabhlóid bhliantúil ar fhíorthuarastail státseirbhísigh sa rialtais láir i sampla de dheich mBallstát ag a bhfuil níos mó ná 75 % d'OTI an Aontais.

2) Boilsciú bliantúil sa Bhruiséil agus i Lucsamburg arna ríomh trí bhoilsciú náisiúnta praghsanna tomhaltóirí, arna dtomhas ag HICP na Beilge agus CPI Lucsamburg, a ualú i gcomhréir le dáileadh na mball foirne AE atá ag i mbun seirbhíse sna Ballstáit sin.

I mbuiséad 2022, ba é 2.5 % (tionchar ar sé mhí) an ráta réamh-mheasta chun tuarastail a thabhairt cothrom le dáta a bhí le cur i bhfeidhm go cúlghabhálach ón 1 Iúil 2022. Rinne seirbhísí an Choimisiúin an ráta sin a ríomh i mí na Samhna 2021, bunaithe ar an bhforbairt a measadh a thiocfadh ar an gcumhacht cheannaigh agus ar an gcostas maireachtála don tréimhse thagartha (1.7.2021 - 30.6.2022), i gcomhréir leis an modh a leagtar síos sna Rialacháin Foirne.

I gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI de na Rialacháin Foirne, eiseofar tuarascáil Eurostat don nós imeachta reatha an 31 Deireadh Fómhair, agus leagfar amach ann an coigeartú ar ghlanluach saothair ainmniúil oifigigh an Aontais sa Bhruiséil agus i Lucsamburg le héifeacht ó mhí Iúil 2022. Beidh gá leis an gcoigeartú chun forbairt chomhthreomhar ar an gcumhacht cheannaigh leis na státseirbhísigh sna Ballstáit a choinneáil ar bun.

Cé go ndéanfar an tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa a ghlacadh i mí na Samhna, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás, agus, gan dochar don tuarascáil chríochnaitheach sin, tá dóchúlacht ard ann go mbeidh an nuashonrú ar thuarastail níos airde na an ceann a úsáideadh chun buiséad 2022 a bhunú. Go háirithe, tá an tomhas oifigiúil ar bhoilsciú a foilsíodh sa Bheilg agus i Lucsamburg don tréimhse ábhartha cuid mhaith níos airde ná an réamh-mheastachán tosaigh (8,6 %). Ag an am céanna, meastar go dtiocfaidh laghdú -3,9 % ar an gcumhacht ceannaigh sna 10 mBallstát tagartha. Thairis sin, i gcomhréir leis an réamh-mheastachán eacnamaíoch is déanaí, meastar go sroichfidh OTI an Aontais in 2022 an leibhéal 'réamh-ghéarchéime' a bhí ann in 2019, rud a fhágfaidh go ndéanfar neamhniú ar nuashonrú 2020 'atá curtha ar fionraí' 2,5 % ar an gcumhacht ceannaigh, i gcomhréir le hAirteagal 11 d'Iarscríbhinn XI den Rialachán Foirne. Anuas air sin, mar thoradh ar an nuashonrú idirmheánach 2,4 % ar thuarastail agus ar phinsin bhí caiteachas breise ann don chéad sé mhí de 2022, rud nár cuireadh san áireamh i mbuiséad 2022.

Ós rud é go bhfuil uainiú na tuarascála, is é sin deireadh mhí Dheireadh Fómhair, leagtha amach go soiléir in Iarscríbhinn XI de na Rialacháin Foirne, meastar gur stuama an rud é na leithreasuithe a bhaineann le tuarastail a mhéadú cheana féin d'fhonn cuid de na riachtanais gan íoc le haghaidh tuarastail le haghaidh oifigeach agus gníomhairí sealadacha a chumhdach go dtí deireadh 2022.

## II.2

## a) Ceannteideal

**20 03 12 01 - Trealamh teicniúil agus seirbhísí le haghaidh seomraí comhdhála an Choimisiúin**

## b) Figiúirí an 03/10/2022

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 5 000 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 5 000 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 3 103 674,50 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **1 896 325,50** |
| **6 An méadú a iarradh** | **4 400 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **6 296 325,50** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 88,00 % |
| 9 An méadú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 2 358 760,17 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 03/10/2022 | 167,66 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 99,99 % |

## d) Foras mionsonraithe leis an méadú

Tá an gCoimisiún ag leanúint ar aghaidh leis an gcur i bhfeidhm céimneach ar an Straitéis Chorparáideach nuashonraithe le haghaidh athchóiriú agus bainistiú spásanna cruinnithe de chuid an Choimisiúin mar a formheasadh ag deireadh 2021 é. Leis an treisiú buiséid EUR 3,5 milliún a iarradh bheadh AS SCIC in ann maoiniú a dhéanamh ar an athchóiriú ar roinnt spásanna cruinnithe le haghaidh roinnt ASanna de chuid an Choimisiúin, rud a dhéanfaidh úsáid na bhfoirgneamh a bharrfheabhsú agus a fhágfaidh go mbeifear in ann cruinnithe hibrideacha a eagrú i ngach ceann de na seomraí athchóirithe. Leis an treisiú sin maoineofar freisin na feabhsuithe is gá ar cháilíocht na fuaime sna seomraí cruinnithe a bhfuil áiseanna ateangaireachta iontu sa Bhruiséil, chun iad a ailíniú leis na ceanglais chaighdeánacha ISO is infheidhme maidir leis an ateangaireacht a sholáthar trí ardáin dhigiteacha freisin, agus chun cruinnithe hibrideacha a thionól le rannpháirtithe seachtracha. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as cian-ateangaireacht trí ardáin dhigiteacha toisc go laghdaíonn sé an gá do na hateangairí a bheith ag taisteal (agus an buiséad misin lena mbaineann), lorg carbóin an Choimisiúin, agus na costais taistil do rannpháirtithe agus do thoscairí.

Thairis sin, iarrtar méid EUR 650 000 chun tionscadal tosaíochta a chumhdach chun ‘seomra slán’ speisialta a chruthú i bhfoirgneamh an Berlaymont sa Bhruiséil a úsáidfear le haghaidh cruinnithe íogaire a bheidh ag an Uachtarán agus ag comhaltaí an Choláiste.

Ar deireadh, chun cumarsáid fheabhsaithe rianúil le saoránaigh agus leis na meáin a áirithiú, tá géarghá físbhalla a chur in ionad na dteilgeoirí i seomra an phreasa i bhfoirgneamh an Berlaymont sa Bhruiséil (EUR 250 000). Is é gnáth-shaolré an trealaimh atá ann faoi láthair agus na moilleanna móra (6-9 mí) ar sheachadadh an trealaimh chlosamhairc nua is cúis le práinne an riachtanais sin.

**II.3**

## a) Ceannteideal

**20 03 13 01 - Caiteachas aistriúcháin**

## b) Figiúirí an 03/10/2022

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 13 000 000,00 |
| 2 Aistrithe | 3 000 000,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 16 000 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 16 000 000,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **0,00** |
| **6 An méadú a iarradh** | **2 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **2 000 000,00** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 15,38 % |
| 9 An méadú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 436 851,37 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 03/10/2022 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 100,00 % |

## d) Foras mionsonraithe leis an méadú

Bhí ar an gCoimisiún a réamh-mheastachán le haghaidh na táirgeachta a leasú go 2,7 milliún leathanach don bhliain 2022. Táimid ag tuar go ndéanfaidh ASA 1,65 milliún leathanach den táirgeadh iomlán sin a aistriú go hinmheánach (c. 61 %) agus nach ndéanfar ach thart ar 39 % a sheachfhoinsiú. Faoi láthair tá ardú gan choinne 6.8 % ar phraghsanna an tseachfhoinsithe sa bhreis ar an méadú 2 % a ndearna foráil ina leith cheana féin. Is ardú iomlán 8,8 % ar na praghsanna le haghaidh aistriúchán seachtrach an toradh atá leis sin i ngeall ar an oiriúnú uathoibríoch do ráta boilscithe atá ag ardú. Is iad aistritheoirí foirne an Choimisiúin, atá ag saothrú faoi lánacmhainneacht cheana féin, a dhéanann na haistriúcháin den chuid is mó agus déantar aistriúcháin sa bhreis air sin a sheachfhoinsiú. Faoi láthair tá aistriúchán ar chomhaid mhóra idir lámha agus táthar ag súil le héilimh nua, cosúil le cleachtadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur leis san Seimeastar Eorpach. Ní mór féachaint ar an ualach oibre eisceachtúil i gcomhthéacs na buaice traidisiúnta ar an éileamh ar aistriúcháin a mbítear ag súil leis le linn an fhómhair. Ní leor na leithreasuithe atá ann cheana féin le haghaidh sheachfhoinsiú an aistriúcháin chun an caiteachas a bhfuiltear ag súil leis go dtí deireadh na bliana a chumhdach, rud a fhágann go bhfuil treisiú EUR 2 mhilliún ar an líne bhuiséid le haghaidh aistriúchán seachtrach de dhíth.

.